# Sonraí a Bhailiú

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Sonraí – graif<br>*Comhtháthú – Teanga, OSIE* |
| **Scileanna Forbartha** | Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna matamaiticiúla - ábhair agus próisis oiriúnacha a roghnú le haghaidh tascanna agus feidhmeanna matamaiticiúla<br>– straitéisí oiriúnacha a roghnú agus a úsáid chun tasc a chomhall nó chun fadhb a réiteach<br><br>Comhtháthú agus nascadh – an gaol a aithint idir dhóigheanna ó bhéal, nithiúla, pictiúrtha agus siombalacha chun uimhreacha a léiriú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | picteagram, blocghraf, is coitianta, coiteann is lú, anailísigh, sonraí, níos mó, níos lú, léirmhínigh, teideal |
| **Áiseanna** | tábla bailithe sonraí, teimpléad do bhlocghraf/picteagram |

## Cur síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Is gníomhaíocht mholta é seo agus is féidir na critéir maidir le sórtáil a athrú le haghaidh cuspóir ar bith. An aidhm ná déanfaidh daltaí a bhfiosrúchán féin agus baileoidh agus cuirfidh siad an fhaisnéis i láthair.

Úsáideann daltaí leathanach bailithe sonraí leis an gcaoi a dtaistealaíonn a gcomhscoláirí chuig scoil a thaifeadadh. Ansin, cuireann siad a gcuid sonraí i láthair ag úsáid picteagram agus blocghraf. Ansin, déanann na daltaí na sonraí a anailísiú agus a léirmhíniú.

### 2 Gníomhaíocht 2

Roghnaíonn daltaí a gceist féin chun faisnéis a bhailiú agus a chur i láthair i bhfoirm phicteagraim agus bhlocghraif. Ansin, déanann siad na sonraí a anailísiú agus a léirmhíniú ag úsáid meascán de cheisteanna oscailte agus dúnta. Ansin, úsáideann siad a gcuid anailíse agus léirmhínithe le teideal cuí dá ngraf a chruthú. Is féidir torthaí a roinnt le grúpaí eile nó leis an rang ar fad le haghaidh níos mó mionanailíse. Is féidir le daltaí a gcuid oibre a thaifeadadh go leictreonach agus í a easpórtáil chuig ardán ar líne más maith leo.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cé mhéad a thaistealaíonn ar an mbus/i gcarr/de shiúl na gcos/i dtacsaí?<br>• Cé mhéad dalta níos mó a thaistealaíonn i gcarr ná i dtacsaí?<br>• Cé mhéad dalta níos lú a thaistealaíonn ar an mbus ná de shiúl na gcos? | • Conas a thabharfaidh tú faoin ngníomhaíocht seo? Conas a bhaileoidh muid an fhaisnéis?<br>• Conas a chuirfidh muid ár dtorthaí i láthair?<br>• Cad a insíonn na sonraí dúinn?<br>• Cad nach n-insíonn na sonraí dúinn? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.
Socraigh méid an tsampla (m.sh., sonraí a bhailiú ó ghrúpa beag, rang iomlán nó bliainghrúpa) agus líon catagóirí de réir ábaltacht an dalta. De réir mar a bhogann daltaí ar aghaidh, is féidir leo a bhfaisnéis a chur i láthair i dteimpléad barrachairte/picteagraim le heochair, áit a seasann an tsiombail do níos mó ná rud amháin.

## Picteagram/Blocghraf

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

## Leathanach Bailithe Sonraí

| | | Iomlán |
|---|---|---|
| | | |